

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1373 ÓN gCOIMISIÚN**an 5 Lúnasa 2022****lena n-údaráitear tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn a chur ar an margadh mar bhia núósach agus
lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470****(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Samhain 2015 maidir le bianna núósacha, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 258/97 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1852/2001 ón gCoimisiún ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 12(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2015/2283 nach bhféadfar ach bianna núósacha atá údaraithe agus a áirítear ar liosta an Aontais de bhianna núósacha a chur ar an margadh laistigh den Aontas.
- (2) De bhun Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2015/2283, bunaíodh liosta Aontais de bhianna núósacha le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún ⁽²⁾.
- (3) An 21 Feabhra 2020, chuir an chuideachta Nemysis Limited (“an t-iarratasóir”) iarratas faoi bhráid an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 10(1) de Rialachán (AE) 2015/2283 chun tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn (“IHAT”) a chur ar mhargadh an Aontais mar bhia núósach atá le húsáid mar fhoínse iarainn i bhforbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽³⁾, i bhfoirm capsúl, ag leibhéal suas le 100 mg/lá a fhreagraíonn do suas le 36 mg d’iarann (Fe) in aghaidh an lae, agus atá beartaithe don phobal i gcoitinne seachas naíonáin agus leanaí óga. San iarratas, chuir an t-iarratasóir in iúl gur bia núósach é IHAT agus é ina nana-ábhar monaraithe de réir bhrí Airteagal 3(2)(a)(viii) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (4) An 21 Feabhra 2020, d’iarr an t-iarratasóir ar an gCoimisiún freisin go gcosnófaí sonraí dílseánaigh le haghaidh tástáil micreanáicléis *in vitro* i gcealla mamach, tástáil sócháin géine ⁽⁴⁾ *in vitro* i gcealla mamach ina n-úsáidtear an géin cionáise tímídine ⁽⁵⁾, agus staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i gcreimírí ⁽⁶⁾, a cuireadh isteach mar thaca leis an iarratas.
- (5) An 3 Iúil 2020, d’iarr an Coimisiún ar an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (“an tÚdarás”) measúnú a dhéanamh ar IHAT mar bhia núósach.
- (6) An 27 Deireadh Fómhair 2021, ghlac an tÚdarás a thuairim eolaíoch maidir le “Sábháilteacht Tartráite Adapáite Hidrocсаáide Iarainn mar bhia núósach de bhun Rialachán (AE) 2015/2283 agus mar fhoínse iarainn i gcomhthéacs Threoir 2002/46/CE” ⁽⁷⁾ i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2015/2283.

⁽¹⁾ IO L 327, 11.12.2015, lch. 1.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2017 lena mbunaítear liosta an Aontais de bhianna núósacha i gcomhréir le Rialachán (AE) 2015/2283 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bianna núósacha (IO L 351, 30.12.2017, lch. 72).

⁽³⁾ Treoir 2002/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Meitheamh 2002 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le forbhianna (IO L 183, 12.7.2002, lch. 51).

⁽⁴⁾ Nemysis Limited (2019, neamhfhoilsithe).

⁽⁵⁾ Nemysis Limited (2019, neamhfhoilsithe).

⁽⁶⁾ Nemysis Limited (2019, neamhfhoilsithe).

⁽⁷⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 2021;19(12):6935.

- (7) Sa tuairim eolaíoch uaidh, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhfuil IHAT sábháilte faoi na coinníollacha úsáide atá ceaptha do na pobail bheartaithe a ndírítear orthu ar leibhéil nach sáraíonn 100 mg/lá agus gur foinse iarainn é ina bhfuil iarainn bith-infhaighte. Sa tuairim sin, áfach, thug an tÚdarás dá aire, ós rud é nár leag sé Uasteorainn Iontógála (“UL”) síos, go bhféadfadh iontógaíl iarainn ó fhorbhianna ina bhfuil an bia núíosach dul thar na treoirleibhéal daonra a leag na Ballstáit síos, agus go mbeadh an iontógaíl iomlán iarainn ó fhorbhianna ina bhfuil an bia núíosach agus ón aiste bia ginearálta, go mbeadh an iontógaíl sin ard. I bhfianaise bhreithnithe an Údaráis agus an róil rithábhachtaigh atá ag iarann i bhfiseolaíocht, i bhfás agus i bhforbairt an duine, go háirithe ag tús an tsaoil, agus i bhfianaise na líne míne idir éifeachtaí tairbheacha agus díobhálacha an iarainn ar an tsláinte ag brath ar iontógalacha, measann an Coimisiún go bhfuil gá le cur chuige an réamhchúraim.
- (8) Dá bhrí sin, d'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir athmhachnamh a dhéanamh ar na leibhéil IHAT a moladh ina iarratas (leibhéal suas le 100 mg/lá a fhreagraíonn do suas le 36 mg iarainn (Fe) in aghaidh an lae don phobal i gcoitinne, seachas naíonáin agus leanaí óga). Mar fhreagra ar an iarraidh ón gCoimisiún, mhodhnaigh an t-iarratasóir a iarraidh agus mhol sé IHAT a úsáid ar leibhéil nach mó ná 100 mg/lá agus na leibhéil chomhfhreagracha iarainn a theorannú go 30 mg Fe/lá i bhforbhianna atá beartaithe don daonra fásta, agus ag leibhéil nach mó ná 50 mg IHAT/lá agus teorainn suas le 14 mg Fe/lá a chur leis na leibhéil chomhfhreagracha iarainn i bhforbhianna atá beartaithe do leanaí agus do dhéagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois, gan leanaí faoi bhun 4 bliana d'aois a chur san áireamh. Ina theannta sin, thug an t-iarratasóir le fios go ndéanfaidh sé leibhéil IHAT i bhforbhianna a chuirtear ar mhargadh Ballstáit a choigeartú chun na huasleibhéil chomhfhreagracha iarainn a theorannú do na treoirluachanna arna leagan síos ag an mBallstát sin do gach aoisghrúpa den daonra. Measann an Coimisiún go gcomhlíonadh na húsáidí athbhreithnithe na coinníollacha maidir le IHAT a chur ar an margadh i gcomhréir le hAirteagal 12(1) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (9) Is iomchuí go mbeadh an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 9(3) de Rialachán (AE) 2015/2283 san iontráil a bhaineann le IHAT ar liosta an Aontais de bhíanna núíosacha.
- (10) Sa tuairim eolaíoch chéanna, mheas an tÚdarás, mar gheall ar nicil a bheith sa bhia núíosach, go bhféadfadh tomhaltas forbhianna ina bhfuil 100 mg de IHAT frithghníomhartha ailléirgeacha a bhaineann le deirmitíteas a spreagadh i ndaoine atá 10 mbliana d'aois agus níos óige a bhí íograithe do nicil roimhe sin tar éis teagmháil leis an gcaiceann ós rud nach mbeadh Corrlach Nochta (“MoE”) mar thoradh ar iontógaíl nicile ón mbia núíosach i gcás iontógaíl nicile a mheasann an tÚdarás a bheith ina ábhar imní íseal ó thaobh na sláinte de i gcás leanaí agus déagóirí faoi bhun 18 mbliana d'aois san 95^ú peircintíl uachtarach de nochtadh cothúcháin do nicil⁽⁸⁾. Mar sin féin, i bhfianaise na n-úsáidí modhnaithe atá beartaithe don bhia núíosach ar leibhéil nach mó ná 50 mg IHAT/lá i bhforbhianna atá ceaptha do leanaí agus déagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d'aois agus gan leanaí faoi bhun ceithre bliana d'aois san áireamh, beidh iontógaíl nicile ón mbia núíosach os cionn nó gar do MoE a mheasann an tÚdarás a bheith ina ábhar imní íseal ó thaobh na sláinte de, agus ní chuirfidh sé go suntasach le hiontógaíl fhoriomlán nicile ó bhia agus uisce óil. Agus na breithnithe sin agus an coimeádachas ionsuite i measúnú iontógála an Údaráis á gcur san áireamh, ar mheasúnú é a d'úsáid nochtadh cothúcháin an 95^ú peircintíl chun MoE nicile atá ina ábhar imní íseal ó thaobh na sláinte de a dhíorthú, measann an Coimisiún nach dócha go mbeidh an baol ann go n-eascróidh frithghníomhartha ailléirgeacha de bharr deirmitíteas teagmhála san aoisghrúpa sin den daonra san fhíorshaoil. Dá bhrí sin, measann an Coimisiún nach bhfuil gá le haon cheanglas lipéadaithe dá bhforáiltear in Airteagal 9(3)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283 maidir le hailléirgineacht.
- (11) Ina theannta sin, sa tuairim eolaíoch uaidh, mheas an tÚdarás freisin go bhfuil dlúthnasc idir a chonclúid maidir le sábháilteacht IHAT agus bith-infhaighteacht iarainn agus airíonna sonracha fisiceimiceacha agus méid-dáileachán cáithníní agus próifíl ceirtleáin an bhia núiosaigh a bhaintear amach trí fhoirm capsúil na bhforbhianna ina bhfuil an bia núíosach a úsáid, agus easpa substaintí seachas adapáit, tartráit agus clóiríd sóidiam a úsáidtear i dtáirgeadh IHAT. Dá bhrí sin, mheas an tÚdarás go bhféadfaí difear a dhéanamh do phróifíl sábháilteachta an bhia núiosaigh agus do bhith-infhaighteacht na foinse cothaithe agus go gcaithfear iad a mheasúnú de réir an cháis, má úsáidtear cineálacha eile forbhianna (e.g. táibléid, paistilí, saicíní púdar, gumaí, síoróipí, etc.) leo féin nó i gcomhcheangal le hadapáit, tartráit agus clóiríd sóidiam nó le substaintí seachas adapáit, tartráit agus clóiríd sóidiam nó, má úsáidtear substaintí eile i bhfoirmeacha capsúil na bhforbhianna. Is iomchuí, dá bhrí sin, nuair a úsáidtear cineálacha eile forbhianna (e.g. táibléid, paistilí, saicíní púdar, gumaí, síoróipí, etc.) i gcomhcheangal le hadapáit, tartráit agus clóiríd sóidiam nó i gcomhcheangal le substaintí eile, nó má úsáidtear substaintí eile i bhforbhianna i bhfoirm capsúil ina bhfuil an bia núíosach, gur cheart staid méid-dáileachán cáithníní agus staid ceirtleáin an bhia núiosaigh a bheith i gcomhréir leis na sonraíochtaí údaraithe agus gur cheart bith-infhaighteacht iarainn a bheith i gcomhréir leis an mbith-infhaighteacht a ndearna an tÚdarás measúnú uirthi sa tuairim eolaíoch uaidh.

(8) EFSA Journal [Iris EFSA] 2020;18(11):6268.

- (12) Sa tuairim eolaíoch uaidh, thug an tÚdarás dá aire go raibh a chonclúid maidir le sábháilteacht an bhia núosaigh bunaithe ar shonraí eolaíocha ón tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach, ón tástáil sócháin géine *in vitro* i gcealla mamach ina n-úsáidtear an géin cionáise tímídíne, agus ón staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i gcreimírí, atá i gcomhad an iarratasóra, agus nach bhféadfadh sé measúnú a dhéanamh ar an mbia núosach agus a chonclúid a bhaint amach dá n-uireasa.
- (13) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir soiléiriú breise a thabhairt maidir leis an réasúnú a cuireadh ar fáil i dtaca lena éileamh dílseánaigh ar na staidéir sin, agus soiléiriú a thabhairt maidir lena éileamh ar cheart eisiach a bheith aige orthu i gcomhréir le hAirteagal 26(2)(b) de Rialachán (AE) 2015/2283.
- (14) Dhearbhaigh an t-iarratasóir go raibh cearta dílseánaigh agus eisiacha aige chun tagairt a dhéanamh do na sonraí eolaíocha ón tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach, ón tástáil sócháin géine *in vitro* i gcealla mamach ina n-úsáidtear an géin cionáise tímídíne, agus ón staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i gcreimírí tráth a chuir siad an t-iarratas isteach, agus nach féidir le tríú páirtithe rochtain dhlíthiúil a fháil ar na sonraí sin ná iad a úsáid ná tagairt a dhéanamh dóibh.
- (15) Rinne an Coimisiún measúnú ar an bhfaisnéis uile a chuir an t-iarratasóir ar fáil agus mheas sé go raibh cruthúnas leordhóthanach tugtha aige gur comhlíonadh na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá bhrí sin, na sonraí eolaíocha ón tástáil micreanúicléis *in vitro* i gcealla mamach, ón tástáil sócháin géine *in vitro* i gcealla mamach ina n-úsáidtear an géin cionáise tímídíne agus ón staidéar 90 lá ar thocsaineacht bhéil i gcreimírí, ba cheart iad a chosaint i gcomhréir le hAirteagal 27(1) de Rialachán (AE) 2015/2283. Dá réir sin, níor cheart ach an t-iarratasóir a údarú chun IHAT a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse 5 bliana ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.
- (16) Mar sin féin, maidir le húdarú IHAT agus an tagairt do na sonraí eolaíocha atá i gcomhad an iarratasóra a shrianadh d'úsáid an iarratasóra amháin, ní chuirfidh an srianadh sin cosc ar iarratasóirí eile ina dhiaidh sin cur isteach ar údarú chun an bia núosach céanna a chur ar an margadh ar choinníoll gur ar fhaisnéis a fuarthas go dlíthiúil agus atá ina taca leis an údarú sin atá a n-iarratas bunaithe.
- (17) Is nana-ábhar monaraithe é IHAT mar a shainmhínítear in Airteagal 3(2)(f) de Rialachán (AE) 2015/2283. Is iomchuí, dá bhrí sin, an bia núosach a léiriú go soiléir i liosta comhábhar na n-earraí bia ina bhfuil sé agus an focal "nana" idir lúbíní ina dhiaidh sin, i gcomhréir le hAirteagal 18 de Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁹⁾.
- (18) Ba cheart IHAT a áireamh ar liosta an Aontais de bhíanna núosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470. Dá bhrí sin, ba cheart an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 a leasú dá réir.
- (19) Na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo, is bearta iad atá i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Údaraítear tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn a chur ar an margadh laistigh den Aontas.

Áireofar tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn ar liosta an Aontais de bhíanna núosacha a leagtar amach i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470.

2. Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

⁽⁹⁾ Rialachán (AE) Uimh. 1169/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2011 maidir le faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1924/2006 agus (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoir 87/250/CEE ón gCoimisiún, Treoir 90/496/CEE ón gComhairle, Treoir 1999/10/CE ón gCoimisiún, Treoir 2000/13/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 2002/67/CE agus 2008/5/CE ón gCoimisiún agus Rialachán (CE) Uimh. 608/2004 ón gCoimisiún (IO L 304, 22.11.2011, lch. 18).

Airteagal 2

Ní údaraítear ach an chuideachta “Nemysis Limited” ⁽¹⁰⁾ an bia núíosach dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur ar an margadh laistigh den Aontas ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo an 28 Lúnasa 2022, ach amháin má fhaigheann iarratasóir údarú ina dhiaidh sin don bhia núíosach sin gan tagairt do na sonraí eolaíocha atá á gcosaint de bhun Airteagal 3 nó le comhaontú “Nemysis Limited”.

Airteagal 3

Na sonraí eolaíocha atá sa chomhad iarratais agus a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 26(2) de Rialachán (AE) 2015/2283, ní úsáidfead iad chun tairbhe iarratasóra ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo gan comhaontú “Nemysis Limited”.

Airteagal 4

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 5 Lúnasa 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

⁽¹⁰⁾ Seoladh: Suite 4.01 Ormond Building 31-36 Cé Urumhan Uachtarach Cé Árann Baile Átha Cliath 7, D07 F6DC Baile Átha Cliath, Éire.

IARSCRÍBHINN

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/2470 mar a leanas:

1. i dTábla 1 (Bianna núíosacha údaraithe), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

“Bia núíosach údaraithe	Coinníollacha faoina bhféadfar an bia núíosach a úsáid		Ceanglais lipéadaithe shonracha bhreise	Ceanglais eile	Cosaint Sonraí
Tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn	<i>Catagóir shonraithe bhia</i>	<i>Uasleibhéil</i>	Is é ‘tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn (nana)’ an t-ainm a thabharfar ar an mbia núíosach ar lipéadú na n-earraí bia ina bhfuil sé.		Údaraithe 28.8.2022. Is ar shonraí eolaíocha dílseánaigh atá faoi chosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 atá an t-áireamh sin bunaithe.
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE le haghaidh daoine fásta	≤ 100 mg/lá (≤ 30 mg Fe/lá)	Lipéadú na bhforbhianna ina bhfuil tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn, beidh ráiteas air a déarfadh nár cheart do leanaí agus déagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d’aois/leanaí faoi bhun 4 bliana d’aois (*) iad a thomhailt.		Iarratasóir: Nemysis Limited, Svúit 4.01 Foirgneamh Urumhan, 31-36 Cé Urumhan Uachtarach, Cé Árann, Baile Átha Cliath 7, D07 F6DC, Baile Átha Cliath, Éire. Is é Nemysis Limited amháin atá údaraithe chun tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn a chur ar an margadh laistigh den Aontas le linn na tréimhse cosanta sonraí, ach amháin má fhaigheann iarratasóir ina dhiaidh sin údarú i dtaobh an bhia núíosáigh gan tagairt do na sonraí eolaíocha dílseánaigh arna gcosaint i gcomhréir le hAirteagal 26 de Rialachán (AE) 2015/2283 nó le comhaontú ó Nemysis Limited.
	Forbhianna mar a shainmhínítear i dTreoir 2002/46/CE le haghaidh leanaí agus déagóirí atá faoi bhun 18 mbliana d’aois, cé is moite de leanaí faoi bhun 4 bliana d’aois	≤ 50 mg/lá (≤ 14 mg Fe/lá)	(*) Ag brath ar an aoisghrúpa a bhfuil an forbhia beartaithe dó.		Dáta deiridh na cosanta sonraí: 28.8.2027”

(2) i dTábla 2 (Sonraíochtaí), cuirtear an iontráil seo a leanas isteach:

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht		
"Tartráit hidrocсаáide iarainn adapáite"	<p>Tuairisc/Sainmhíniú</p> <p>Is nana-ábhar monaraithe, gan bholadh, i bhfoirm púdair atá dothuaslagtha in uisce é tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn (IHAT) agus is trí shintéis cheimiceach lena mbaineann sraith céimeanna lena mbaineann imoibriú aigéid/buin, deascadh, scagachán agus triomú a mhonaraítear í.</p> <p>Na forbhianna ina bhfuil an bia núíosach, is i bhfoirm chapsúil a mhonaraítear iad. Úsáidtear farasbarr adapáite, tartráite agus clóiríde sóidiam ar leibhéal atá mar thoradh ar an bpróiseas táirgthe chun cuidiú le IHAT a chobhsú agus chun méid-dáileachán údaraithe na gcáithníní a áirithiú. Má úsáidtear foirmeacha eile forbhianna (e.g. táibléid, paistilí, saicíní púdar, gumaí, síoróipí, etc.) i gcomhcheangal le hadapáit, tartráit agus clóiríd sóidiam nó i gcomhcheangal le substaintí eile, nó má úsáidtear substaintí eile i bhforbhianna i bhfoirm capsúil ina bhfuil an bia núíosach, ní mór a áirithiú go gcoimeádaí méid-dáileachán údaraithe cáithníní IHAT.</p>		
	<table border="1"> <tr> <td data-bbox="495 555 795 603">Gnáthainm</td> <td data-bbox="795 555 2002 603">Tartráit adapáite ocsóí-hidrocсаáide iarainn</td> </tr> </table>	Gnáthainm	Tartráit adapáite ocsóí-hidrocсаáide iarainn
	Gnáthainm	Tartráit adapáite ocsóí-hidrocсаáide iarainn	
	<table border="1"> <tr> <td data-bbox="495 603 795 651">Ainmneacha eile</td> <td data-bbox="795 603 2002 651">Tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn, Tartráit adapáite ocsaihídrocсаáide iarainn</td> </tr> </table>	Ainmneacha eile	Tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn, Tartráit adapáite ocsaihídrocсаáide iarainn
	Ainmneacha eile	Tartráit adapáite hidrocсаáide iarainn, Tartráit adapáite ocsaihídrocсаáide iarainn	
	<table border="1"> <tr> <td data-bbox="495 651 795 699">Ainm trádála</td> <td data-bbox="795 651 2002 699">IHAT</td> </tr> </table>	Ainm trádála	IHAT
	Ainm trádála	IHAT	
	<table border="1"> <tr> <td data-bbox="495 699 795 746">Uimhir CAS</td> <td data-bbox="795 699 2002 746">2460638-28-0</td> </tr> </table>	Uimhir CAS	2460638-28-0
	Uimhir CAS	2460638-28-0	
<table border="1"> <tr> <td data-bbox="495 746 795 938">An fhoirmle mhóilíneach (ríofa)</td> <td data-bbox="795 746 2002 938"> $\text{FeO}_m(\text{OH})_n(\text{H}_2\text{O})_x(\text{C}_4\text{H}_6\text{O}_6)_y(\text{C}_6\text{H}_{10}\text{O}_4)_z$ <p>ina bhfuil: <i>m</i> agus <i>n</i> neamhshainithe de réir an chleachtas inghlactha le haghaidh ocsóihídrocсаáidí iarainn fheirigh (*)</p> <p><i>x</i> = 0,28-0,88 <i>y</i> = 0,78-1,50 <i>z</i> = 0,04-0,19</p> <p>Léirítear aigéad tartarach (C₄H₆O₆) agus aigéad aidipeach (C₆H₁₀O₄) ina bhfoirm phrótónáitithe.</p> </td> </tr> </table>	An fhoirmle mhóilíneach (ríofa)	$\text{FeO}_m(\text{OH})_n(\text{H}_2\text{O})_x(\text{C}_4\text{H}_6\text{O}_6)_y(\text{C}_6\text{H}_{10}\text{O}_4)_z$ <p>ina bhfuil: <i>m</i> agus <i>n</i> neamhshainithe de réir an chleachtas inghlactha le haghaidh ocsóihídrocсаáidí iarainn fheirigh (*)</p> <p><i>x</i> = 0,28-0,88 <i>y</i> = 0,78-1,50 <i>z</i> = 0,04-0,19</p> <p>Léirítear aigéad tartarach (C₄H₆O₆) agus aigéad aidipeach (C₆H₁₀O₄) ina bhfoirm phrótónáitithe.</p>	
An fhoirmle mhóilíneach (ríofa)	$\text{FeO}_m(\text{OH})_n(\text{H}_2\text{O})_x(\text{C}_4\text{H}_6\text{O}_6)_y(\text{C}_6\text{H}_{10}\text{O}_4)_z$ <p>ina bhfuil: <i>m</i> agus <i>n</i> neamhshainithe de réir an chleachtas inghlactha le haghaidh ocsóihídrocсаáidí iarainn fheirigh (*)</p> <p><i>x</i> = 0,28-0,88 <i>y</i> = 0,78-1,50 <i>z</i> = 0,04-0,19</p> <p>Léirítear aigéad tartarach (C₄H₆O₆) agus aigéad aidipeach (C₆H₁₀O₄) ina bhfoirm phrótónáitithe.</p>		
<table border="1"> <tr> <td data-bbox="495 938 795 986">An meáchan móilíneach</td> <td data-bbox="795 938 2002 986">An mheanmhais mhóilíneach: 35 803,4 Da (cuimse íochtair-uachtair: 27 670,5-45 319,4 Da)</td> </tr> </table>	An meáchan móilíneach	An mheanmhais mhóilíneach: 35 803,4 Da (cuimse íochtair-uachtair: 27 670,5-45 319,4 Da)	
An meáchan móilíneach	An mheanmhais mhóilíneach: 35 803,4 Da (cuimse íochtair-uachtair: 27 670,5-45 319,4 Da)		
<p>Saintréithe/Comhdhéanamh:</p> <p>Fisiceach/ceimiceach</p> <p>Iarann (% ábhar tirim): 24,0 – 36,0 Adapáit: (% ábhar tirim): 1,5 – 4,5 Tartráit: (% ábhar tirim): 28,0 – 40,0 Cion taise (%): 10,0 – 21,0 Sóidiam (% ábhar tirim): 9,0 – 11,0 Clóiríd (% ábhar tirim): 2,6 – 4,2</p>			

Bia núíosach údaraithe	Sonraíocht
	<p>Dáileachán pas Intuaslagtha (%): 2,0 – 4,0 Nana (%): 92,0 – 98,0 Micrea (%): 0,0 – 3,0</p> <p>Méid na bpríomhcáithníní Trastomhas airmheánach ⁽¹⁾: 1,5-2,3 nm Meántrastomhas ⁽¹⁾: 1,8-2,8 nm Dv(10) ⁽²⁾: 1,5-2,5 nm Dv(50) ⁽²⁾: 2,5-3,5 nm Dv(90) ⁽²⁾: 5,0-6,0 nm</p> <p>Miotail throma Arsanaic: < 0,80 mg/kg Nicil: < 50,0 mg/kg</p> <p>Tuaslagóirí iarmharacha Eatanól: < 500 mg/kg</p> <p>Critéir mhicribhitheolaíocha Áireamh coilíneachtaí aeróbacha: < 10 CFU/g Áireamh iomlán an ghiosta agus an mhúscáin: < 10 CFU/g</p>
<p>(*) Cornell RM agus Schwertmann U, 2003. <i>The Iron Oxides: Structure, Properties, Reactions, Occurrences and Uses</i>. An Dara hEagrán. Wiley. https://doi.org/10.1002/3527602097.</p> <p>⁽¹⁾ Uimhirbhunaithe (ag Micreascópacht Leictreoin Tarchurtha (TEM));</p> <p>⁽²⁾ Toirtbhunaithe (trastomhas hidridinimiciúil ag Scaipeadh Solais Dinimiciúil (DLS)); CFU: Aonaid Déanta Coilíneachta.”</p>	